Programme 1 [Cúlra agus Áit Chónaithe]

Darren, Máirtín, Conor, Sorcha, Aingeal and Rita are introduced. Darren is a nice guy while Máirtín is a silent hunk from Conamara. Conor is a sleazeball who gives the impression he's rich. Sorcha is a beauty from Donegal, Aingeal from Limerick is somewhat desperate and Rita is a vamp.
Darren shows an interest in Sorcha, who ignores him and fancies Máirtín. But Rita also has her eye on him…

Cuirtear Darren, Máirtín, Conor, Sorcha, Aingeal agus Rita i láthair. Is duine maith é Darren. Hunk tostach as Conamara é Máirtín. Slíomadóir saibhir (más fíor) é Conor. Tá Sorcha go hálainn – ainnir ó Thír Chonaill. Tá Aingeal beagáinín desperate. Is as Luimneach di. Vamp í Rita. Tá an-dúil ag Darren i Sorcha ach níl aon spéis aici siúd ann. Is maith léi an chuma atá ar Mháirtín. Ach is maith le Rita Máirtín chomh maith…

Fir agus mná, ag siúl isteach sa Teach Faoi Ghlas. Rud amháin atá uathu ar fad: an grá. Ach chomh maith leis an ngrá, tá duais mhór le baint anseo mar ag deireadh an chluiche, don bheirt a bheas i ngrá, beidh tús maith curtha ina saol le chéile. Tabharfar cead pleanála dóibh chun teach cúig sheomra codlata a thógáil ina rogha ceantar Ghaeltachta. Sin an duais agus seo An Grá Faoi Ghlas.

Darren Is mise Darren. Tá mé tríocha bliain d'aois. Is meicneoir eitleáin Mé. Is as Ráth Chairn mé.
Aingeal Hi, is mise Aingeal.
Darren Is mise Darren. Cén chaoi a bhfuil tú?
Aingeal Go maith…. so, seo muid.
Darren 'Sea.

[*Aingeal Is mise Aingeal. Is as Luimneach mé. Tá mé tríocha a hocht bliain d'aois. Is múinteoir bunscoile mé agus ba mhaith liom casadh le duine éigin deas anseo.*]

Conor Bhuel, bhuel, bhuel, An Teach Faoi Ghlas, agus cé atá anseo Agam?
Aingeal Is mise Aingeal.
Conor Aingeal? Nach álainn an t-ainm é sin?
Aingeal Oh, go raibh maith agat.

[*Conor Is mise Conor. Táim tríocha a sé bliain d'aois. Is bainisteoir ar chomhlacht mór easpórtála mé. Is as Corcaigh dom, an chathair is fearr in Éirinn.*]

Máirtín Dia daoibh.
Conor Fáilte romhat chuig An Teach Faoi Ghlas. Is mise Conor
Máirtín Cén chaoi a bhfuil tú?
Conor Táim go hiontach ar fad i ndáiríre, go raibh maith agat. Seo Aaron.
Darren Darren.
Conor Darren, gabh mo leithscéal, 'sea Darren agus….
Aingeal Aingeal. Conas tá tú?

Máirtín Tá mé togha.

[*Máirtín Is mise Máirtín. Is as an Spidéal i gConamara mé. Tá mé ocht mbliana is fiche d'aois. Bím ag tógáil tithe, scaití. Tháinig mé anseo le haghaidh píosa craic.*]

Rita Haló.
Conor Agus, cé tá anseo againn?
Rita Conas tá tú, is mise Rita.
Máirtín Is mise Máirtín.
Rita Ó, Máirtín. Is breá liom an t-ainm sin agus cé as thú a Mháirtín?
Máirtín Is as Conamara mé.
Rita Cén áit eile?

[*Rita Bhuel, is mise Rita. Tá mé i dtús na dtríochaidí. Oibrím in oifig. Bíonn muid ag díol ár stuif ar an bhfón, stuif nach bhfuil éinne á cheannach. Caithfidh mé jab nua a fháil. Is as Áth Luain mé, ach níl mé i mo chónaí ansin níos mó. Tá Áth Luain chomh ciúin sin.*]

Sorcha Cad é mar atá sibh?
Conor As Dún na nGall, an ea?
Sorcha 'Sea.
Conor Is mise Conor.
Sorcha Is mise Sorcha.
Conor Cén áit i nDún na nGall arbh as duit?

[*Sorcha Is mise Sorcha. Tá mé seacht mbliana is fiche. Is banaltra mé. Tá mé ag obair san otharlann i Leitir Ceanainn agus is as Gaoth Dobhair mé.*]

Sorcha As Conamara? Tá deirfiúr dom ag obair i gConamara.
Máirtín Seans go bhfuil aithne agam uirthi.
Sorcha Do bharúil?
Darren Is mise Darren.
Sorcha Cad é mar atá tú?
Darren Gabh mo leithscéal.
Sorcha Cad é mar atá tú?
Darren Cad é mar…
Sorcha An bhfuil tú go maith?
Darren Oh, tá, tá, go han-mhaith.

[*Sorcha Máirtín, tá sé iontach dóighiúil.*
Conor Tá Sorcha go deas.
Aingeal Cheapas gur duine suimiúil é Conor.
Darren Sorcha, cinnte Sorcha.
Conor …agus Rita.
Rita Caithfidh mé a rá go dtaitníonn sé seo go mór liom.
Agallóir Máirtín?
Rita 'Sea, Máirtín as Conamara. Tá sé deas ciúin, nach bhfuil?
Máirtín Níl caill ar an Sorcha sin. Tá sí go deas..
Conor …agus Agnes.

Agallóir *Aingeal?*
Conor *Aingeal. 'Sea, 'sea, Aingeal*
Darren *Cad é mar a thá thú? Cad é mar a thá thú?*]

Programme 2 [An Teaghlach] Mír a dó

Máirtín lets Sorcha know he likes her and that pleases her. Aingeal is interested in Conor. The group play a memory game as a way of getting to know each other better. Darren remembers everything about Sorcha but she remembers nothing about him! It's the same story with Aingeal and Conor. Sorcha can recall every detail about Máirtín and it is obvious she is very keen on him. When she finds Máirtín and Rita in flagrante delicto, she is shocked.

Tugann Máirtín le fios do Shorcha go bhfuil spéis aige inti, rud a thaitníonn léi. Tá suim ag Aingeal i gConor. Bíonn cluiche cuimhne acu, le cabhrú leo aithne a chur ar a chéile. Cuimhníonn Darren ar chuile shórt a bhaineann le Sorcha ach ní chuimhníonn Sorcha ar thada faoi Darren. Mar a chéile an scéal i gcás Aingeal agus Conor. Tá Sorcha in ann cuimhneamh ar chuile shórt a bhaineann le Máirtín agus is léir go bhfuil sí ag éirí ceanúil air. Nuair a thagann sí ar Mháirtín agus Rita in flagrante delicto, tá uafás uirthi.

[*Ar an darna lá sa Teach Faoi Ghlas tá muintir an tí ag socrú isteach. Tá rogha le déanamh acu ar fad. Tá ceist mhór le cur ag gach duine acu ar fhéin: an bhfuil éinne anseo ar mhaith liom an chuid eile de mo shaol a caitheamh leis i dteach cúig sheomra codlata in ár rogha ceantar Gaeltachta. Tá an cheist sin go mór ar intinn Shorcha ar maidin agus í ag cur aithne níos fearr ar Mháirtín.*]

Sorcha As an Spidéal thú? Sa Spidéal atá mo dheirfiúr ina cónaí.
Máirtín Ab ea?
Sorcha Sea. Cáitlín is ainm di.
Máirtín Tuigim.
Sorcha Tá sí ag obair sa bhanc.
Máirtín Sa Spidéal?
Sorcha Tá sí ansin le cúpla bliain anois. Deir daoine go bhfuil muid iontach cosúil lena chéile.
Máirtín Níl aithne agam uirthi mar sin.
Sorcha Nach bhfuil?
Máirtín Dá mbeadh bean cosúil leatsa ann, chuimhneoinn uirthi.

[*Agallóir* *So a Shorcha, tá spéis agat i Máirtín?*
Sorcha *Is é Máirtín an fear is mó a thaitníonn liom go dtí seo.*
Agallóir *Cén fáth go dtaitníonn seisean leat.*
Sorcha *Ní fear mór cainte é, ach tá sé go deas, agus tá sé breá dóighiúil.*]

[*Agallóir* *Cad a deirfeá le Sorcha.*
Máirtín *Diabhal caill uirthi. Tá sí go deas, tá sí.*]

[*Tá na h-iomaitheoirí ag imirt cluiche cuimhne chun cabhrú leo aithne níos fearr a chur ar a chéile. Caithfidh siad éisteacht go géar leis na daoine eile agus ansin*

ceisteanna a fhreagairt. Seo deis ag gach duine le fáil amach faoi chúlra mhuintir ar tí. Cárbh as dóibh, cén aois iad agus cén cúlra clainne atá acu.]

Darren Ta ceathrar deartháir(eacha) agam agus deirfiúr amháin. Tá mo mháthair fós beo agus fuair m'athair bás blianta ó shin, agus sin é.
Conor So sin Darren, ach sura cuirim ceist ar éinne fútsa, Darren, inis dúinn faoi Shorcha.
Darren Anois?
Conor Anois díreach.
Darren Á tá go maith. As Gaoth Dobhair do Shorcha. Tá sí seacht mbliana is fiche. Tá beirt deirfiúr aici agus deartháir amháin. Sandra, Cáitlín agus John Paul.
Conor An-mhaith Darren. Anois a Shorcha inis dúinn faoi Darren.
Sorcha Darren?
Conor Sea Darren.
Sorcha Right. Fan bomaite. Is as Contae na Mí Darren.
Conor Cén áit i gContae na Mí.
Sorcha Átha Buí?
Conor Ráth Chairn, sílim. Nach ea Darren?
Darren Sea.
Sorcha Agus … tá beirt deirfiúr aige.
Conor Darren?
Darren Duine amháin.
Sorcha Agus … triúr deartháir.
Darren Ceathrar.

[*Agallóir Níor fhan tú i bhfad i gcuimhne Sorcha.*
Darren Níor fhan.
Agallóir Cén fáth meas tú ?
Darren Níl fhios agam. Cheap mé ar dtús nach raibh sí go maith sí ag cuimhneamh rudaí mar sin.]

Sorcha Níl deartháir ar bith ag Máirtín, ach tá beirt deirfiúr aige. Eisean an duine is óige sa teaghlach agus tá mé cinnte go raibh sé millte acu nuair a bhí sé beag.

[*Darren Hmmm.*]

[*Agallóir Chuimhnigh Sorcha ar gach rud fútsa.*
Máirtín Chuimhnigh, ceart go leor.
Agallóir : An dtugann sé sin misneach duit?.
Máirtín : Bainim go dtugann. Bainim go dtugann.]

[*Rita Darren é sin? (Taispeánann Rita a cuid líníochta de Conor)*]

Aingeal Tá Conor tríocha sé bliain d'aois. Is bainisteoir ar chomhlacht mór easpórtála é. Is maith leis a bheith ag tiomáint. Níl deartháir ná deirfiúr aige. Is as Corcaigh dó ach tá cónaí air i mBaile Átha Cliath. Tá teach aige i Ráth Fearnáin.

[*Conor* *Aingeal? Tá sí beagnach daichead déarfainn.*]
[*Sorcha* *Tá súile deasa ag Máirtín fosta. Tá sé rud beag cúthail. Is maith liom é sin.*]

[*Feiceann Sorcha Máirtín agus Rita ag pógadh ar an leaba!*]

Programme 3 [Ócáidí Sóisialta] *Mír a Trí (vótáil)*

It's time for the first round of votes and the first eviction. Conor tells everybody it's his thirty fifth birthday. Darren finds this odd as Conor said he was thirty-six during the memory game. When Sorcha rejects Conor, he turns his attentions to Aingeal, who is flattered. They agree to meet later but then Aingeal finds Conor kissing Rita. She also finds his driving licence which shows that today is not his birthday, that he is ten years older than he claims, and that he's a truck driver, not a company director. When all this becomes known, it's no surprise that Conor is evicted!

Tá na hiomaitheoirí ag réiteach don chéad bhabhta vótála – beidh duine éigin ag fágáil an tí anocht. Breithlá Chonor atá ann. Tá sé tríocha a cúig. Is aisteach le Darren é seo, mar gur dhúirt Conor ag an gcluiche cuimhne inné go raibh sé tríocha a sé. Triaileann Conor Sorcha ach níl mórán spéise aici ann. Tá spéis Aingil i gConor ag méadú ar feadh an ama. Nuair nach n-éiríonn le Conor Sorcha a mhealladh, triaileann sé Aingeal. Tá Aingeal an-sásta leis seo. Socraíonn siad ar chastáil le chéile ar ball ach, roimhe sin, tagann Aingeal ar Chonor agus Rita ag pógadh. Tagann Aingeal ar cheadúnas tiomána Chonor. Faigheann sí amach ón eolas atá ar fáil ann nach inniu a bhreithlá agus go bhfuil sé deich mbliana níos sine ná mar atá tugtha le fios aige. Agus ní bainisteoir comhlachta é, ach tiománaí leoraí. Cuirtear an ruaig ar Chonor sa vótáil!

Darren, Máirtín, Conor, Sorcha, Aingeal, Rita

An tríú lá sa teach faoi ghlas agus tá gach duine ag réiteach don chéad bhabhta vótála anocht. Beidh duine éigin ag fágáil, ach cén duine? Lá mór é seo do Chonor ar chúis eile.

Sorcha Inniu do bhreithlá?
Conor Sea. Tríocha a sé bliain d'aois inniu.
Darren Nach tríocha a seacht atá tú?
Conor Ní h-ea.
Darren Shíl mé gur dhúirt tú inné go raibh tú tríocha a sé!
Conor Bhuel, mar dúirt bhí dul amú orm.
[*Darren* *Tá mé cinnte go ndúirt sé go raibh sé tríocha a sé.*]

Conor So, an bhfuil tú réidh don vótáil anocht?
Sorcha Níor smaointigh mé mórán air.
Conor N'fheadar cé a bheidh ag imeacht.
Sorcha Níl a fhios agam. Breithlá aisteach é seo duitse?
Conor Ba bhreá liom fanacht, go háirithe ar mo bhreithlá.
Sorcha Tá mé cinnte go mbeidh tú ag fanacht. [*Déanann sé iarracht í a phógadh.*]
[*Darren* *Cad é mar a thá tú?*]

Darren Cad é mar a tá tú?
Sorcha Cad é mar a tá sibh?
Darren Gabh mo leithscéal.
Sorcha Sibh a ba cheart duit a rá. Tá beirt againn ann.
Darren Ó sibh.

Conor Mo cheol thú.
Aingeal Níl mé ach ag tosnú.
Conor Dáiríre? Tá an-cheol agat.
Aingeal Go raibh maith agat.
Conor So, vótáil anocht.
Aingeal Sea. Táim an-neirbhíseach faoi.
Conor Cailín álainn mar thú. Cén fáth? Táimse ag dul isteach sa seomra aclaíochta i gcionn tamaill. Ar mhaith leat teacht? Beidh rás againn.
Aingeal Rás?
Conor Sea, tusa ar rothar agus mise ag rith. Táim cinnte go bhfuil tú ana-thapaigh ar fad.
Aingeal Ceart go leor mar sin. I gcionn leathuair an chloig b'fhéidir.
Conor Go breá.

Aingeal A Shorca, an bhfuil mo thóin ag breathnú mór sa bhríste seo?
Sorcha Níl. Tá cuma iontach deas ort.
Aingeal D'iarr Conor orm casadh leis sa seomra aclaíochta.
Sorcha Conor?
Aingeal Sea. Bhuel, feicfidh mé ar ball thú.
Sorcha Aingeal.
Aingeal Sea?
Sorcha Inniu breithlá Chonor.
[Aingeal *Caithfidh go bhfuil Conor cliste. Tá sé óg go leor a bheith ina bhainisteoir ar chomhlacht.*]

[*Feiceann Aingeal Conor agus Rita ag pógadh*]
Conor Annabelle! Ní raibh ann ach póigín. Inniu mo bhreithlá.
[*Tugann Rita leiceadar dó*]

Aingeal Ní raibh ann ach póigín! (faoi cheathair)
Sorcha An bhfuil tú ceart go leor?
Aingeal Tá.
Sorcha D'iarr Rita orm é seo a thabhairt duit.
Aingeal Rita?
Sorcha Fuair sí é sa seomra aclaíochta.

Aingeal Tá mé ag vótáil don duine ar leis an ceadúnas tiomána seo. Tá sé daichead a cúig bliain d'aois. Ní bainisteoir comhlachta é ach tiománaí leoraí agus níl breithlá aige inniu. Tá mise ag iarraidh fáil réidh le Conor.

Programme 4 [Caitheamh Aimsire] *Mír a Ceathair (duine nua)*

Darren, Máirtín, Stiofán, Sorcha, Aingeal, Rita

New arrival Stiofán is handsome and well-dressed – and he rejects Rita's advances! Aingeal likes him and they have an engaging conversation. Darren is showing Sorcha how to play chess but she quickly gets bored. Darren is disappointed and gets angry when Rita tells him to forget about Sorcha.

Tagann Stiofán ar an bhfód. Tá sé dathúil, dea-ghléasta. Léiríonn Rita spéis ann ach diúltaíonn sé di. Is maith le hAingeal é agus bíonn an-chomhrá acu le chéile. Molann sé a cuid éadaí. Tá Darren ag múineadh do Shorcha cén chaoi le ficheall a imirt. Níl sí go maith aige. Éiríonn sí as. Tá Darren diomúch. Deir Rita leis dearmad a dhéanamh uirthi, rud a chuireann fearg air.

Agus an Corcaíoch, Conor, imithe uathu tá muintir an tí ag díriú ar lá nua. Inniu cuirfear iomaitheoir nua in aithne orthu. Fear nó bean? Duine deas nó duine gránna? Fad 's atá siad ag fanacht le teacht an iomaitheora nua tá muintir an tí ag cur leis an aithne atá acu ar a chéile sa seomra aclaíochta.

Dó dhéag a sé.
Dia dhaoibh.
Dia 's Muire duit.
[*Stiofán Is mise Stiofán. Tá mé tríocha a cúig bliain d'aois. Is as cathaoir Chill Chainnigh mé agus tháinig mé anseo chun titim i ngrá.*]

Stiofán Dia leat Aingeal.
Aingeal So, tá siopa éadaí agat?
Stiofán Tá. Is maith liom an obair sin.
Aingeal Is breá liomsa siopaí éadaí.
Stiofán Bhuel, is siopa éadaí fear atá agam féin.
Aingeal Agus an maith leat Cill Chainnigh?
Stiofán Is breá liom í. So, cén saghas poist atá agat féin?
Aingeal Is múinteoir bunscoile mé.
Stiofán Ó sin obair an-spéisiúil.
Aingeal Tá sé ceart go leor.
Stiofán Is maith liom an léine sin.
Aingeal Ó sean-rud é seo.
Stiofán Tá an dath sin go h-álainn ort.

[*Agallóir Bhuel, Aingeal, cad le rá agat faoi Stiofán?*
Aingeal Is maith liom Stiofán, caithim a rá. Tá sé béasach agus tá sé suimiúil le labhairt leis.
Agallóir Meas tú an maith leisean tusa?
Aingeal Measaim é. Tá súil agam gur maith ar aon nós.]

Rita Suigh síos anseo, Stiofán, agus tarraingeoidh mé do phictiúr.
Stiofán Maith go leor.
Rita An bhfuil tú compordach?
Stiofán Tá.
Rita So, cén fáth gur tháinig fear breá cosúil leatsa anseo?
Stiofán An fáth céanna a dtáinig bean bhreá cosúil leatsa!
Rita Fan socair!

Stiofán An ealaíontóir thú?
Rita Ó ní h-ea. Níl ann ach caitheamh aimsire. Caithfidh tú fanacht socair nó ní bheidh mé in ann tú a tharraingt i gceart.
Aingeal Á!
Stiofán Gabh mo leithscéal, Rita. An bhfuil tú ceart go leor, Aingeal?
Aingeal Ó tá, tá mé go breá.
Aingeal, tá brón orm faoi sin.
Aingeal Is orm féin an locht.

[*Agallóir Tá tú tar éis éirí cairdiúil le Aingeal, nach bhfuil?*
Stiofán Tá. Is maith liom Aingeal. Tá sí cúthaileacht, ach is breá liomsa mná atá cúthaileacht.
Agallóir Cén fáth sin?
Stiofán Bhuel, b'fhéidir go bhfuilim beagáinín cúthaileacht mé féin.
Agallóir Céard faoi Rita?
Stiofán Rita? Bhuel níl sí cúthaileacht ar aon nós.]

Darren Háigh, ní féidir leis an rí é sin a dhéanamh.
Sorcha Shíl mé go raibh cead aige dul treo ar bith.
Darren Spás amháin treo ar bith.
Sorcha Tá sé iontach casta.
Darren Níl nuair a théann tú i dtaithí air.
Sorcha A Stiofáin, an bhfuil eolas ar bith agatsa ar an gcluiche seo?
Stiofán Ficheall?
Sorcha 'Sea.
Stiofán Nílim go maith aige. Níl an cineál sin intinne agam.
Sorcha Ná agam féin ach an oiread. Tá sé ag cur tinneas cinn orm.
Stiofán Céard faoi cluiche leadóg bhoird?
Sorcha Ba bhreá liom cluiche. An bhfuil spéis agat sa spórt?
Stiofán Tá go deimhin.
Sorcha Cífidh mé níos moille thú, Darren. Ceart go leor?
Darren Tá go maith.

Rita Déan dearmad uirthi sin.
Darren Gabh mo leithscéal?
Rita Í sin as Dún na nGall.
Darren Sorcha is ainm di agus ní bhaineann sé leat.
Rita Seo 'An Grá Faoi Ghlas', Darren. Baineann gach rud le gach éinne anseo.
Darren Dún do bhéal, Rita.

[Darren *Cífidh mé níos moille thú. Cífidh mé níos moille thú.*]

Ceisteanna

1. Cén slí bheatha atá ag an iomaitheoir nua?
2. Cad a cheapann Stiofán faoi mhúinteoireacht bunscoile?
3. Cén tréithe Stiofáin a thaitníonn le hAingeal?
4. Cad é an tréith Aingil a thaitníonn le Stiofán?
5. Cén riail fhichille a bhriseann Sorcha?
6. An bhfuil spéis ag Stiofán sa spórt?
7. Cén fáth a bhfuil fearg ar Dharren ag an deireadh?

Programme 5 [Litríocht agus Cúrsaí Cultúrtha] *Mír a Cúig*

Darren, Máirtín, Stiofán, Sorcha, Aingeal, Rita

Aingeal is now taking an interest in Stiofán but she is no hurry to progress things with him. She has an argument with Rita, who tells her that she must take the initiative with Stiofán or else that he'll lose interest in her. Aingeal says Stiofán is not that type of person. When she sees Stiofán and Sorcha together, she has reason to change her mind! Darren tries to engage Sorcha in conversation about the book she is reading but gets a snappy response.

Tá Aingeal ag cur an-spéis i Stiofán. Níl mórán ag tarlú eatarthu ach níl aon deifir mhór ar Aingeal. Bíonn troid aici le Rita. Deir sise go gcaithfidh Aingeal tabhairt faoi Stiofán, nó go gcaillfidh sé suim inti. Deir Aingeal nach bhfuil Stiofán mar sin. Feiceann an bheirt acu Stiofán ag tacú le Sorcha. Breathnaíonn siad an-mhór le chéile. Airíonn Sorcha teanntaithe san áit. "Anois," arsa Rita "Níl sé mar sin?" Cuireann Darren ceist ar Shorcha cén leabhar atá sí ag léamh. Tá sé ag iarraidh comhrá a dhéanamh ach níl fonn uirthi bheith ag caint leis. Brúann Darren an cheist beagán agus spréachann Sorcha air. Tá Darren díomúch.

Ar an gcúigiú lá tá muintir an tí ag díriú anois ar na páirtithe ar mhaith leo a mhealladh sna laethanta atá romhainn. Tá Aingeal agus Stiofán ag réiteach le chéile go h-iontach.

Aingeal	Agus an bhfuil tú i bhfad ag déanamh ióga?
Stiofán	Tá mé aige anois le cúig bliana anuas.
Aingeal	Rinne mé cúrsa na blianta ó shin ach níor lean mé leis.
Stiofán	Ba chóir duit. Tá ióga go h-iontach idir anam agus corp.
Aingeal	"Idir anam agus corp". Tá sé sin go deas. Ach tá an ceart agat. Ba chóir dom triail a bhaint as arís.
Stiofán	Táim cinnte go mbeadh tú (go mbeifeá?) go h-iontach aige. Tá corp breá lúfar agat.
Aingeal	Ó, go raibh maith agat.
Stiofán	Ar aon nós, tá mise ag dul ag imirt leadóg bhoird le Máirtín. Feicfidh mé ar ball thú.
Aingeal	Slán go fóillín.
Stiofán	Aingeal?
Aingeal	'Sea.
Stiofán	Tá an dath sin go h-álainn ort.
Aingeal	Ó, go raibh maith agat.

[*Aingeal*	*Tá an ceart ag Stiofán faoin ióga. Ba chóir dom leanúint leis. Táim beagán as cleachtadh. Caithfidh mé labhairt le Stiofán faoi.*
Agallóir	*Tá tú an-tógtha le Stiofán, nach bhfuil?*
Aingeal	*Bhuel, tá sé go deas labhairt le fear a thugann rudaí faoi deara.*
Agallóir	*Ar nós?*
Aingeal	*Ar nós cén dath léine atá ort. Formhór na bhfear ní fheiceann siad rudaí mar sin ar chor ar bith.*]

Darren Háigh, a Shorcha.
Sorcha Cad é mar a tá tú?
Darren Go maith, agus tú féin?
Sorcha Go breá.
Darren Leabhar maith é?
Sorcha Tá sé iontach maith.
Darren Scéal rómánsúil?
Sorcha Tá sé cineál rómánsúil, ach tá tragóid ann chomh maith.
Darren Cén cineál leabhair a léann tú?
Sorcha Darren, táim ag iarraidh a bheith ag léamh, liom féin. Maith go leor?
Darren Togha. Gabh mo leithscéal.

Rita Ó, an bhfuilim ag cur isteach ar rud éigin?
Aingeal Níl.
Rita An ndéanann tú gach lá é?
Aingeal Ní dhearna mé le blianta go dtí inniu é. Tá an-suim ag Stiofán saióga.
Rita So, an bhfuil suim aige ionat?
Aingeal Bhuel, is maith leis a bheith ag caint liom.
Rita Agus sin an méid atá sibh ag déanamh – ag caint?
Aingeal 'Sea, go fóill.
Rita Bhuel b'fhearr duit bogadh ar aghaidh ón gcaint, a chailín.
Aingeal Níl Stiofán mar sin.
Rita "Níl Stiofán mar sin"! Ha!

Sorcha Níl a fhios agam cad chuige a tháinig mé anseo ar chor ar bith.
Stiofán Tá tú ag lorg an ghrá, nach bhfuil?
Sorcha Tá, ach ní mar seo. Bhí mé gránna le Darren tamall ó shin.
Stiofán Tusa gránna le duine éigin?
Sorcha Ní fhaca tú a dhath go fóill. Mothaím mar phríosúnach san áit seo. Níl spás ar bith agam dom féin.
[*Tugann Stiofán barróg di agus feiceann Rita agus Aingeal iad*]
Rita Níl Stiofán mar sin!

Aingeal Táióga go h-iontach (ceithre uair)

Ceisteanna:

1. Cén fhad atá Stiofán ag déanamh ióga?
2. Cén fáth a chreideann Stiofán go mbeadh Aingeal go maith ag ióga?
3. Cad chuige a mheasann Aingeal nach bhfuil Stiofán cosúil le formhór na bhfear?
4. Cén cineál leabhair atá Sorcha ag léamh?
5. Cad chuige a éiríonn Sorcha gránna le Darren?
6. Cén fáth a bhfuil Aingeal ar buile le Stiofán ag an ndeireadh?

Ag tabhairt tuairimí:

An maith leat Stiofán? Cén fáth?

An aontaíonn tú leis an gcomhairle a thugann Rita d'Aingeal faoina caidreamh le Stiofán?

Programme 6 [Cúrsaí Oibre] *Mír a Sé (vótáil)*

Darren, Máirtín, Stiofán, Sorcha, Aingeal, Rita

Aingeal is beginning to think that Stiofán is the man for her – he has an interesting job, a good salary and a nice car – but she is afraid she may have competition from Sorcha. Darren is very pleased when Sorcha apologises for her behaviour the previous day. Aingeal is heartbroken when she finds Stiofán in bed with Máirtín and Rita shows a different side when she comforts her. In the vote that evening Stiofán is evicted.

Airíonn Aingeal go bhféadfadh Stiofán a bheith ceart di. Tá obair spéisiúil aige agus tuarastal maith. Tá carr breá aige ach ní dhéanann sé scéal mór faoi sin. Ach tá faitíos uirthi gur i Sorcha atá a spéis. Gabhann Sorcha leithscéal le Darren faoi bheith cantalach inné agus tá Darren an-sásta faoi seo. Ansin beireann Aingeal ar Stiofán ina luí le Máirtín. Tá Aingeal croíbhriste. Déanann Rita í a shuaimhniú, rud a léiríonn taobh eile dá pearsantacht. Cuirtear an ruaig ar Stiofán sa vótáil.

Ar an séú lá tá Aingeal fós trína chéile faoin méid a chonaic sí ag dul ar aghaidh inné idir Stiofán agus Sorcha.

Sorcha Maidin mhaith, a Aingeal. Caide mar atá tú?

[*Aingeal:* *Caide mar atá tú* (faoi dhó)]

Sorcha An bhfuil achan rud i gceart, a Aingeal?
Stiofán A chailíní áille, conas atá sibh ar maidin?
Sorcha Níl caill ar bith orainne, a Stiofán.
Stiofán So, vótáil anocht.
Aingeal 'Sea.
Stiofán Tá sé deacair oibriú amach cén duine ar cóir fáil réidh leis.
Aingeal Meas tú?
Sorcha Tá mé ag dul a ghlacadh le do chomhairle.
Stiofán Faoi Dharren?
Sorcha 'Sea. Níor cheart a bheith mímhúinte leis. Gabhfaidh mé leithscéal leis anois nuair a fheiceas mé é.
Stiofán Is leaid an-deas é, a Shorcha. D'fhéadfá níos measa ná Darren a dhéanamh.
Sorcha Bhuel, cífimid.
Stiofán Slán go fóillín.

Aingeal A Stiofáin…
Stiofán 'Sea, a Aingeal?
Aingeal A Stiofáin, an bhfuil tusa agus Sorcha…? An bhfuil…?
Stiofán Mise agus Sorcha? Níl ar chor ar bith.
Aingeal Ó, ó.
Stiofán Cuireann sí mo dheirfiúr i gcuimhne dom. Tá sí go deas, nach bhfuil?
Aingeal Tá, iontach deas.
Stiofán So, ar mhaith leat beagán ióga a dhéanamh liom sa seomra

aclaíochta?

Aingeal Ó, ba bhreá liom é sin, a Stiofáin.

[*Aingeal: Ar mhaith leat beagánióga a dhéanamh liom sa seomra aclaíochta?* (faoi dhó)]

Máirtín Cén caoi a bhfuil tú?
Sorcha Tá liom (**?**)
Máirtín An ag cuardú oibre san sorcas atá tú?
Sorcha Ní h-ea. An tusa?
Máirtín Cén obair a dhéanann tú ar aon chaoi?
Sorcha Is banaltra mé. Tá mé ag obair san otharlann i Leitir Ceanainn.
Máirtín Ó, banaltra a ba ea?
Sorcha 'Sea [*Caitheann sí an liathróid aige*]
Máirtín Ó mo chloigeann. An bhfuil banaltra sa teach, an bhfuil?
Sorcha Sílim gur dochtúir a bheith de dhíth ort sa chás seo.

[*Sorcha: Máirtín? Bhuel, tá a fhios agat féin fir Chonamara. Níl stop ar bith leo.*]

Darren Ó hello, a Shorcha.
Sorcha Éist bomaite. Bhí mé ag iarraidh leithscéal a ghabháil leat faoi inné. Bhí mé mímhúinte leat.
Darren Tá tú togha. Bhí mé ag cur isteach ortsa.
Sorcha Ar scor ar bith, tá mé buartha. Maith go leor?
Darren Maith go leor.

[*Darren: Éist bomaite* (faoi dhó)]

Darren A ceathair a ceathair.
Sorcha Fan go bhfeicfidh tú an ceann seo.
[*Scread*]
Sorcha A Aingeal, cad…?
[*Tá Máirtín agus Stiofán sa leaba le chéile*]
[*Aingeal: Ar mhaith leat beagánióga a dhéanamh liom sa seomra aclaíochta?* (faoi dhó)]

Ag deireadh an séú lae beidh duine amháin ag fágáil an tí. Ach cén duine?

[*Vótáil*]

Stiofán: Níl ann ach cluiche.

Ceisteanna

1. Ag tús an séú lae, cad chuige a bhfuil Aingeal ar buile?
2. Cén chomhairle a thug Stiofán do Shorcha?
3. De réir Stiofán, cén duine atá Sorcha cosúil léi?
4. Cén áit a bhuaileann an liathróid Máirtín?
5. Cén tuairim atá ag Sorcha faoi fhir Chonamara?

Ag tabhairt tuairimí

1. An raibh Sorcha mímhúinte le Darren ar an gcúigiú lá?
2. An aontaíonn tú leis an gcinneadh fáil réidh le Stiofán?

Programme 7 [Oideachas] *Mír a Seacht (duine nua)*

Darren, Máirtín, Bríd Úna, Sorcha, Aingeal, Rita

In Darren's nightmare Rita is a teacher and she is angry with him. She is about to punish him and makes him stand in front of the class. He sees Sorcha staring at him and then….Whack! He wakes and finds Bríd Úna standing over him with a racquet and asking if he'd like a game. Bríd Úna is a ladette from Kerry and she likes football. She takes an interest in Máirtín and when she hears about him and Stiofán she becomes even more interested! Rita teams up with Aingeal to help her seduce Darren, despite Aingeal's misgivings!

Tá codladh míshocair ar Darren. Feiceann muid a thromluí. Tá Rita ina múinteoir agus tá sí crosta le Darren. Tá slat aici agus tá sí le pionós a chur ar Darren. Caithfidh sé seasamh amach os comhair an ranga. Tá Sorcha ag stánadh air. Cromann sé síos. Whack! Dúisíonn Darren. Tá Bríd Úna ina seasamh os a chomhair le raicéad eitleoige agus ag fiafraí ar mhaith le héinne cluiche. Is as Ciarraí do Bhríd Úna. Is ladette í agus tá an-suim aici sa pheil. Tá an t-uafás gleo aici. Is breá léi Máirtín. Nuair a fhaigheann sí amach faoi féin agus Stiofán, méadaíonn a spéis ann! Cuireann Rita in iúl d'Aingeal go bhfuil cúrsa grá de dhíth uirthi. Deir Rita go múinfidh sí di cén chaoi le fear a mhealladh. Díríonn siad ar Darren. Tá Aingeal amhrasach go maith faoin gcur chuige seo.

[*Tá tromluí ar Dharren*]

Rita CÉ HÉ AN BUACHAILL DÁNA?
Cách DARREN!
Rita AGUS CÉARD A THUGAIMID DO BHUACHAILL DÁNA THART ANSEO?
Cách AN SLAT!
Rita TAR AMACH ANSEO A BHUACHAILL DÁNA.

Bríd Úna Dúisígí a bhuachaillí.
Darren Cé tusa?

[*Is mise Bríd Úna. Is as Ciarraí dom. Tá mé tríocha bliain d'aois. Tá ana-shuim agam i gcúrsaí spóirt agus tá ana-shuim agam sna fearaibh*]

Bríd Úna Anois a bhuachaill, an bhfuil tú réidh?
Máirtín Dar fia, tá.
Bríd Úna Dúisigh a Mháirtín. Ní mór duit a bheith breá tapaigh liomsa.
Máirtín Meas tú?
Bríd Úna Táim cinnte de.

[*Agallóir Bhuel a Mháirtín, tá tú ag réiteach go maith leis an mbean nua sa teach?*
Máirtín Bríd Úna? Tá is dóigh.
Agallóir Cé a déarfá léi?
Máirtín Níl caill ar bith uirthi. Tá sí go deas cinnte.]

Rita Níl a fhios agam an bhfaighidh tú fear leis an ngleo sin.
Aingeal Ag seint liom féin atá mé.
Rita Agus ag seint duit féin a bheidh tú chomh maith mura dtugann tú faoi chúrsa an ghrá i gceart.
Aingeal Tusa an saineolaí ar ndóigh!
Rita Ó! Nílim ach ag iarraidh cabhrú leat. Mo leithscéal gur chuir mé isteach ort.
Aingeal Rita?
Rita 'Sea.
Aingeal Tá brón orm. Ba mhaith liom dá gcabhrófá liom.

Bríd Úna Huh! Táimse tugtha. Is breá é an fear Máirtín, nach breá?
Sorcha Do bharúil?
Bríd Úna Tá sé breá láidir, nach bhfuil?
Sorcha Tá sé láidir cinnte.
Bríd Úna Bhí sé ag rá liom gur seaimpín rása na gcurach é. Is maith liom sin.
Sorcha An maith leat bádóirí?
Bríd Úna Is maith liom fearaibh atá fearúil, 's tá Máirtín s'againne breá fearúil.
Sorcha A Bhríd Úna…
Bríd Úna Cad é?
Sorcha Maidir le Máirtín…
Bríd Úna Cad é? An bhfuil rud éigin cearr leis?
Sorcha Níl rud ar bith cearr leis…
Bríd Úna Bhuel, cad atá tú a rá mar sin!

[*Sorcha: Ní raibh a fhios agam cad a ba cheart dom a rá léi, ach bhí a fhios agam nach dtiocfadh liom fanacht i mo thost.*]

Bríd Úna Máirtín?
Sorcha Máirtín.
Bríd Úna Le fear eile? Ach is maith leis cailíní chomh maith?
Sorcha Is breá leis iad.
Bríd Úna Bhuel, mar sin…

Aingeal Cúrsa grá? Cén sórt cúrsa grá?
Rita Breathnaigh, tá go leor le foghlaim agat, a stóir. Agus is ea an cúrsa an t-aon bhealach chun é a fhoghlaim.
Aingeal Ach conas a mheallfaidh mise Darren?
Rita Bhuel cé eile atá fágtha?
Aingeal Is dóigh, agus is fear deas é.
Rita Sílim go mbeadh sé an-oiriúnach duit. So, tá tú sásta tabhairt faoi chúrsa grá mar sin?
Aingeal Tá, ach cén fhad a mhaireann an cúrsa?
Rita Go dtí go mbeidh fear agat agus go mbeidh sibh i ngrá le chéile.
Aingeal Ó.

Ceisteanna a phlé

1. Cén fáth a raibh tromluí ag Darren?
2. Cad a cheapann tú faoin mbean nua sa teach?
3. An dóigh leat go mbeidh cabhrú Rita ciallmhar?
4. An raibh an ceart ag Sorcha an scéal faoi Mháirtín a insint do Bhríd Úna?

Programme 8 [Tréithe Fisiceacha agus Pearsantacht] *Mír a hOcht*

Darren, Máirtín, Bríd Úna, Sorcha, Aingeal, Rita

With Rita's help, Aingeal sets about seducing Darren, who is pleased that Sorcha is now beginning to take an interest in him! Rita talks Aingeal into wearing a short skirt in order to seduce Darren, but that plan backfires. Rita then gets Aingeal to take a few drinks and Aingeal throws herself at Darren. Sorcha walks in as Aingeal tries to kiss Darren and is totally disgusted. Darren goes after Sorcha to explain. When he doesn't succeed, he turns angrily on Aingeal.

Le cúnamh Rita, déanann Aingeal iarracht Darren a mhealladh. Tá áthas airsean go bhfuil Sorcha ag léiriú spéise ann sa deireadh! Airíonn sé go bhfuil sé ag déanamh dul chun cinn. Cuireann Rita ina luí ar Aingeal sciorta gearr a chaitheamh chun Darren a mhealladh ach ní éiríonn leis an bplean sin. Tugann Rita cúpla deoch d'Aingeal ansin agus caitheann Aingeal í féin ar Darren. Siúlann Sorcha isteach agus Aingeal ag iarraidh a bheith ag pógadh Darren. Tá déistin uirthi. Ritheann Darren ina diaidh. "Ní mar sin atá sé," a deir sé. Nuair a theipeann air, tugann sé íde béil d'Aingeal.

Darren Tá mé scriosta agat.
Sorcha Lig tú dom é sin a dhéanamh, nár lig?
Darren Bheadh sé sin thar na rialacha.

[*Sorcha Darren? Bhuel níl ann ach é féin agus Máirtín anois.*
Agallóir Ach an maith leat é mar dhuine?
Sorcha Is maith. Tógann sé tamall aithne a chur air. Sílim gur duine dílis é.
Agallóir Agus tá sé sin tábhachtach duit?
Sorcha Tá sé iontach tábhachtach. Agus níor casadh mórán daoine dílse orm san áit seo go dtí seo.]

Rita Anois. Cas timpeall go bhfeicfimid.
Aingeal Níl a fhios agam, Rita. Ní déagóir mé.
Rita Feic anois, níl ag éirí rómhaith leis na geansaithe agus na bróga ciallmhara, an bhfuil?
Aingeal Ach níl Darren mar sin.
Rita Aingeal, is fear é, nach ea?
Aingeal 'Sea.
Rita Agus dúirt tú liom gur mhaith leat triail as, nár dúirt?
Aingeal Dúirt.

Sorcha Anois a stócaigh.
Darren Níl trócaire ar bith agat.
Sorcha Níl ná trócaire.
Darren Bhuel, caithfidh tú deis a thabhairt domsa. Háigh, cé faoi chluiche leadóg bhoird?
Sorcha I ndiaidh lóin?
Darren Bheadh sé sin iontach.
Sorcha Cífidh mé ansin thú.
Darren Agus a Shorcha.

Sorcha ‘Sea?
Darren Ní bheidh seans agat.

[*Darren Cífidh mé ansin thú (faoi dhó)*]

Rita I gceann dhá lá beidh tú féin agus Darren mar sin. Dhá lá Aingeal.
[*Aingeal ag brionglóid*]
Darren Aingeal! (faoi dhó)
Aingeal Ó, Darren.
Darren Tá tú ag súil le aimsir bhreá, feicim.
[*Imíonn Aingeal agus í ar buile*]
Darren Aingeal? An bhfuil sí ceart go leor, an bhfuil?
Rita Tá sí go breá. Ná bí buartha.

Aingeal Tá tú ag súil le aimsir bhreá, feicim (faoi dhó).
Rita Aingeal!
Aingeal Imigh leat. Tú féin agus do chúrsa grá!
Rita Fan anois. Tá plean eile agam.

Aingeal Háigh Darren.
Darren Aingeal! Cén chaoi a bhfuil tú?
Aingeal Go breá. Conas atá tusa?
Darren Go breá. Cogar. Tá súil agam nár mhaslaigh mé ar ball thú.
Aingeal Níor mhaslaigh.
Darren Tá na héadaigh sin go deas ort.
Aingeal An gceapann tú?
Darren I ndáiríre. Tá tú ag breathnú go hálainn.
Aingeal Tá tú chomh deas, a Dharren.
Darren Aingeal!
Aingeal Chomh deas.
Darren Aingeal!
[*Tagann Sorcha isteach*]
Sorcha Darren!
Darren A Shorcha, a Shorcha. Ní mar sin atá sé!
[*Sorcha: Agus shíl mise go raibh sé dílis!*]
Darren Céard sa diabhal atá ar siúl agatsa?
Aingeal Darren?
Darren Gléasta suas ar nós na hóinsí sin Rita!

Ceisteanna

1. Cad í an tréith phearsantacht a mheasann Sorcha atá iontach tábhachtach?
2. Cén fáth a bhfuil Aingeal amhrasach faoi na héadaigh a thugann Rita di?
3. Cad atá Máirtín agus Bríd Úna ag déanamh nuair a thagann Aingeal isteach sa seomra?
4. Ar mhaslaigh Darren Aingeal nuair a luaigh sé a cuid éadaigh?
5. An raibh Sorcha róghasta ina cinneadh nach raibh Darren dílis?

Programme 9 [Cúrsaí Sláinte] *Mír a Naoi (vótáil)*

Darren, Máirtín, Bríd Úna, Sorcha, Aingeal, Rita

Aingeal is feeling hung-over and depressed, and seeing Bríd Úna and Máirtín together makes things even worse! Sorcha feels sorry for Aingeal, despite the fact that she was trying to kiss Darren. Aingeal explains that it was Rita who encouraged her to go after Darren. Sorcha apologies to Darren and he is pleased with this. Sorcha tells Rita off for making Aingeal drunk. In the vote, Aingeal is evicted. She's glad to be leaving.

Tá póit ar Aingeal. Tá sí in ísle brí. Feiceann sí a fheabhas is atá ag éirí le Bríd Úna agus Máirtín, rud a dhéanann an scéal níos measa di! Tá trua ag Sorcha di. Míníonn Aingeal do Shorcha gur Rita a chuir brú uirthi tabhairt faoi Darren. Gabhann Sorcha leithscéal le Darren agus tá sé sásta glacadh leis an leithscéal sin. Tuar dóchais dó gur ghabh sí leithscéal. Tá Sorcha ar buile le Rita mar go ndearna sí iarracht teacht idir í féin agus Darren. Cuirtear an ruaig ar Aingeal sa vótáil. Tá áthas uirthi a bheith ag fágáil an tí.

Ar an naoú lá tá na hiomaitheoirí ag réiteach do bhabhta vótála. Beidh duine eile ag fágáil an tí. Ach idir an dá linn tá tinneas óil ar Aingeal.

Bríd Úna Anois a chroí.
Máirtín Meas tú cad tá cearr léi sin?
Bríd Úna Nach cuma!

Sorcha An bhfuil tú ceart go leor? Beidh tú i gceart anois i gceann bomaite.

[*Aingeal* *Cheap mé nach labhródh Sorcha arís liom go deo. Cailín deas í caithfidh mé a rá*]

Sorcha Rita?
Aingeal 'Sea. Cheap sí go raibh cúrsa grá ag teastáil uaim.
Sorcha Agus chuir sí ar meisce tú?
Aingeal Chuir. Braithim lag.
Sorcha Sílim gur cóir duit luí síos tamall.

Máirtín A Aingeal, an bhfuil tú ceart go leor, an bhfuil?
Aingeal Tá póit orm. Braithim lag.
Máirtín Póit ab ea?
Aingeal 'Sea.
Máirtín Caithfidh tú é a thógáil go réidh mar sin an chuid eile den lá. Tuilleadh uisce?
Aingeal Go raibh maith agat.
Bríd Úna A Mháirtín. Cad atá ar siúl anseo istigh agat?
Máirtín Do chuartú a bhí mé. Tá Aingeal bhocht leagtha tinn.
Bríd Úna Bhuel, lig di má tá 's ná bí ag cur isteach uirthi.
Aingeal Níl sé ag cur isteach orm.
Bríd Úna Seo linn anois, a Mháirtín.

[*Bríd Úna* *Aingeal? Ní bheadh muinín dá laghad agam aisti.*
Agallóir *Cén fáth sin?*
Bríd Úna *Mná den aois sin! Dhéanfaidís aon rud in aon chor le fear a fháil. Aon rud in aon chor.*]

Sorcha Rita!
Rita Conas tá?
Sorcha Bhí mé ag caint le hAingeal.
Rita Agus…
Sorcha Níor cheart duit a rá léi a bheith ag ól inné.
Rita Is cailín mór í Aingeal.
Sorcha Tharraing tú go leor trioblóid uirthi.
Rita Meas tú?
Sorcha Measaim.

[*Rita* *Ach ní raibh mise ach ag iarraidh cabhrú.*
Agallóir *Tá Sorcha crosta leat.*
Rita *Ach níl sí féin ag dul amach le mo dhuine.*
Agallóir *Darren?*
Rita *'Sea, Darren. Ba chuma leat dá mbeadh rud cinnte ar siúl eatarthu, ach níl.*]

Sorcha Ar mhaith leat cluiche?
Darren Ceart go leor.
Sorcha Bhí mé ag caint le hAingeal.
Darren 'Sea?
Sorcha Tá mé buartha faoin lá inné. Ní ort a bhí an locht. Ní mar sin a bhí sé.
Darren Sin a dúirt mé inné.
Sorcha Ach níor chreid mé thú. Tá mé buartha. Is ar Rita atá an locht.
Darren Rita?
Sorcha 'Sea, Rita.

Máirtín Meas tú an bhfuil Aingeal ceart go leor?
Bríd Úna Nach tú atá buartha fúithi.
Máirtín Tá droch-phóit ar an gcréatúr. Nach iomaí uair a raibh an rud céanna orm féin.
Bríd Úna Éist anois anseo liomsa, a bhuachaill. An le hAingeal atá tú ag dul amach nó liomsa?
Máirtín Leatsa.
Bríd Úna Sin a cheapasa chomh maith. Agus tá súil agam go mbeidh an méid sin soiléir agus sinn ag vótáil anocht. Mm?

*Tá teannas mór sa teach le cúpla lá anuas. Ach cé a bheidh thíos leis an teannas sin agus an vótáil ag déanamh. Is gar go mbeidh a fhios againn. (**Vótáil**)*
Tá comhscór anois ann, ach is ag Aingeal atá an focal deiridh. Níl cuma rómhaith ar an scéal do Rita.]
Aingeal Aingeal!
Rita Aingeal! 'Tuige a ndearna tú sin?
Aingeal Tá mé ag iarraidh imeacht as an áit seo, a Rita. Tá mo dhóthain

agam.

Ceisteanna

Cad chuige a bhfuil Bríd Úna amhrasach faoi Aingeal?
Cén fáth a bhfuil Sorcha crosta le Rita?
'Tuige a bhfuil Darren crosta le Sorcha?
Dá mbeadh vóta agatsa sa bhabhta seo, cén duine a vótálfá in éadan, agus cad chuige?

Programme 10 [Taisteal agus Laethanta Saoire] *Mír a Deich (duine nua)*

Darren, Máirtín, Bríd Úna, Sorcha, Réiltín, Rita

New arrival Réiltín immediately takes an interest in Máirtín but Bríd Úna warns her off. Máirtín is attracted to Réiltín and attempts to grope her. He is surprised when she slaps him – that's not the usual response he gets, but it increases his interest! Réiltín is lying on the bed with her cuddly toy, Báinín the rabbit. Bríd Úna tells her that Báinín is the only thing she'll manage to seduce. Rita teases Darren about Sorcha – has he lost his courage? He decides to show Rita what he can do.

Tagann Réiltín ar an bhfód. Tá an-suim aici a bheith ag caint le Máirtín. Níl aon ghlacadh ag Bríd Úna leis an scéal seo. Tá éad uirthi. Bagraíonn sise ar Réiltín. Deir Réiltín nach sin an cineál duine í. Ach tá Máirtín tógtha léi. Déanann sé iarracht a bheith ag crúbáil uirthi, ach buaileann Réiltín san éadan é. Níl mórán taithí ag Máirtín ar an gcineál seo iompair ó mhná, agus méadaíonn sé an spéis atá aige i Réiltín! Tá Bríd Úna breá amhrasach faoi Réiltín. Deir Réiltín go bhfuil trua aici do Bhríd Úna. Tá Réiltín ina luí ar a leaba lena coinín beag, Báinín. Deir Bríd Úna gurb é Báinín an t-aon rud a mheallfaidh Réiltín isteach sa leaba. Tá Rita ag spochadh as Darren. An bhfuil dóchas caillte aige? Nó ar theip ar a mhisneach maidir le Sorcha? Deir Darren nár theip nó baol air. Taispeánfaidh sé do Rita céard is féidir leis a bhaint amach.

Ar an deichiú lá tá iomaitheoir nua ag teacht isteach sa Teach Faoi Ghlas

[*Tagann Réiltín isteach*]
Réiltín Dia duit.
Máirtín Dia 's Muire duit.
Réiltín Is tusa Máirtín, ab ea?
Máirtín Is mé.
Réiltín Aithním ón teilifís thú.
Máirtín Bhí tú ag breathnú orainn istigh?
Réiltín Tá an saol ar fad ag breathnú oraibh. Is mise Réiltín.
Máirtín An as Conamara thú, ab ea?
Réiltín Ní hea.
Máirtín Cárbh as tú mar sin?
Réiltín As Meiriceá, New Jersey.
Máirtín Go deas. Is breá an Ghaeilge atá agat.
Réiltín Go raibh míle maith agat.

[*Máirtín Níl caill ar bith ar an Réiltín sin. Tá sí go deas.*]

Réiltín …agus bhuaigh muid an rás.
Máirtín Is deas é casadh le cailín a bhfuil suim aici i rásaí na gcurach.
[*Tagann Bríd Úna isteach i ngan fhios dóibh*]
Máirtín Bríd Úna! Is tú féin atá ann.
Bríd Úna Is mé.
Réiltín Bríd Úna, is maith liom casadh leat?
Bríd Úna Gabh mo leithscéal, an bhfuil aithne agam ortsa?

Réiltín Réiltín is ainm dom. Is mise an duine nua sa teach.
Bríd Úna Tuigim. A Mháirtín, tá mé ag fanacht leat. Beidh an bord leadóg bhoird tógtha ag duine éigin eile muna ndéanann tú deifir.
Máirtín Beidh mé ag caint leat.

[*Sa seomra leapa*]
Réiltín Anois a Bháinín. Luigh siar ansin ar do chompord.
[*Tagann Máirtín isteach*]
Máirtín Cén chaoi a bhfuil tú?
Réiltín Togha leoga, a Mháirtín. Ar ag cuardú Bríd Úna a bhí tú?
Máirtín Ní hea dáiríre, bhí mé ag iarraidh a fháil amach an bhfuil spéis agat cluiche pócair a imirt liom.
Réiltín Pócar ab ea?
Máirtín 'Sea, pócar.
Réiltín Níl mórán scile agam ann, déanaim an fhírinne leat.
Máirtín Tiocfaidh tú isteach air gan aon stró. Cailín breá éirimiúil mar thú.
Réiltín Tá tú lán de phlámás, a Mháirtín.
Máirtín Diabhal plámás ar bith é. An mbíonn tú ag plé le coiníní?
Réiltín Seo duit Báinín. Tagann sé chuile áit liom.
Máirtín Chuile áit ab ea?
Réiltín Ó 'sea, tá go leor taistil déanta agam. Nach bhfuil a Bháinín?
Máirtín Ba bhreá liom féin imeacht ag taisteal.
[*Tagann Bríd Úna isteach*]
Bríd Úna A Mháirtín, tá Darren do do lorg. Sa seomra aclaíochta atá sé.
Máirtín Togha mar sin [*imíonn sé*]
Bríd Úna Cogar i leith chun tusa, a chailín. Is mise atá ag dul amach le Máirtín.
Réiltín Ó tá a fhios agam sin.
Bríd Úna Má chloínn tusa le do choinín beag ní bheidh deacraíocht ar bith eadrainn. An dtuigeann tú go maith mé?
Réiltín Tuigim.

[*Réiltín Tá trua agam dóibh. Don bheirt acu, ar bhealach.*
Agallóir Cad atá i gceist agat?
Réiltín Níl an caidreamh atá acu bunaithe ar ghrá.
Agallóir Céard atá ann mar sin?
Réiltín Níl ann ach drúis. Drúis, sin an méid.]

[*Sorcha Sílim go bhfuil suim caillte aige ionam.*]
[*Darren Níl, ach níl mé ag iarraidh brú a chur uirthi. Tá mé ag ceapadh nach bhfuil mórán suime aici ionam.*
Agallóir So, cad a dhéanas tú?
Darren Níl a fhios agam.]

Rita Nach bhfuil sibh ag caint le chéile?
Darren Tá.
Rita So, cad atá sibh ag rá?
Darren Á lig dom.
Rita Lig dom! Tá an grá san aer mar sin. Ach cén fáth a rithfeá ina diaidh? Níl seans agat léi sin.
Darren Meas tú?

Rita Tá mé cinnte.
Darren Bhuel, feicfimid, a Rita, feicfimid.

Ceisteanna

1. Cén scéala atá ag Réiltín ón saol mór mar gheall ar an gclár *An Grá Faoi Ghlas*?
2. Cén fianaise atá san eipeasóid seo gur duine éadmhar í Bríd Úna?
3. An dóigh leat go bhfuil Máirtín “lán de phlámás”?
4. Cad chuige a bhfuil trua ag Réiltín do Mháirtín agus do Bhríd Úna?
5. Is léir nach bhfuil Sorcha agus Darren ag réiteach rómhaith le chéile faoi láthair, ach an síleann tú go bhfuil Rita ag cabhrú leo nuair a thugann sí comhairle do Dharren?

Programme 11 [Bia agus Deoch] *Mír a hAon Déag*

Darren, Máirtín, Bríd Úna, Sorcha, Réiltín, Rita

Agus é spreagtha chun gnímh ag magadh Rita, tograíonn Darren ar bhéile a ullmhú do Shorcha, chun í a mhealladh. Ceapann Réiltín go bhfuil sé seo an-deas go deo. Tá Réiltín agus Máirtín cairdiúil le chéile arís. Cloiseann Bríd Úna í ag insint do Mháirtín faoin dinnéar atá Darren ag brath a ullmhú do Shorcha. Bíonn míthuiscint ar Bhríd Úna maidir le cé dó an béile atá á réiteach ag Darren. Ceapann sí go bhfuil Darren á réiteach do Réiltín agus Máirtín. Socraíonn Bríd Úna an ócáid a scrios orthu. Nuair a thagann Sorcha isteach leis an mbéile a chaitheamh, breathnaíonn sí sa phota ar an gcócaireán. Tá Báinín á bheiriú sa phota

Ar an aonú lá déag tá sé socraithe ag Darren Sorcha a mhealladh. Tá sé tar éis fanacht fada go leor.

Darren Maidin mhaith, a Shorcha.
Sorcha Fan bomaite. So, caide mar atá tú?
Darren Togha. Éist bomaite.
Sorcha An bhfuil tusa ag magadh faoi mo chuid Ghaeilge?
Darren Níl! Is breá liom do chuid Ghaeilge. Ach tá ceist agam ort.
Sorcha 'Sea.
Darren Ba mhaith liom dinnéar a dhéanamh duit anocht.
Sorcha Domsa?
Darren Don bheirt againn.
Sorcha An bhfuil tú go maith ag cócaireacht?
Darren Tá – sílim.
Sorcha Maith go leor mar sin.

[*Sorcha* *Shíl mé nach gcuirfeadh sé ceist orm choíche.*]

Réiltín Darren?
Sorcha 'Sea.
Réiltín Ó, nach deas é sin? Dinnéar do bheirt! Nach iontach an scéal é sin, a Bháinín?
Sorcha Tá súil agam go bhfuil sé ábalta cócaireacht anois!

Réiltín Anois a Bháinín.
Máirtín Cén chaoi a bhfuil tú, a Réiltín?
Réiltín Ó togha leoga.
Máirtín Aon scéal agat?
Réiltín Diabhal scéal, ach tá dea-scéal ag Sorcha.
Máirtín Mar sin é?

[*Bríd Úna* *Réiltín! Níl muinín dá laghad agam aisti. Í féin agus a "Cén chaoi a bhfuil tú, a Mháirtín?" Caithfidh mé súil ana-ghéar a choimeád uirthisean.*]

Máirtín Dinnéar a ba ea?
Réiltín 'Sea, beidh sé an-rómánsach nach mbeidh?

Máirtín Dar Dia beidh.
Réiltín Fear agus bean ina suí le chéile. Ag breathnú isteach ar shúile le chéile.
Máirtín Ní bheadh caill ar bith air. Agus is ea Darren a dhéanfas an chócaireacht?
Réiltín 'Sea. Tá sé an-deas, nach bhfuil?
Máirtín Braithim go bhfuil.

[*Bríd Úna An pleidhce sin Darren ag ullmhú dinnéir don óinseach sin as New Jersey agus Máirtín s'agamsa. Is mise atá ag siúl amach le Máirtín!*]

Réiltín Tá gruaig álainn ort.
Sorcha Tá sí rófhada faoi láthair.
Réiltín Níl. Ba bhreá liom dá mbeadh gruaig mar sin ormsa.
Sorcha Ar thriail tú riamh í a scuabadh siar?
Réiltín Ó níor thriail le fada.
Sorcha Goitse. Suigh síos anseo agus taispeánfaidh mé duit cad atá i gceist agam.
Réiltín Ceart go leor.
Sorcha Tá sí iontach deas mar sin.
Réiltín Meas tú?
Sorcha Tá mé á rá leat.

[*Bríd Úna An strap (striapach?) sin as Tír Chonaill ag cabhair leis an óinseach sin as New Jersey Máirtín s'agamsa a mhealladh! Is mise atá ag siúl amach le Máirtín (faoi thrí)*]

Réiltín Báinín? Cá bhfuil tú?

Sorcha Tá an tábla seo go hálainn.
Darren Go raibh maith agat.
Sorcha Caide atá ar an bhiachlár? Ní aithním an boladh.

Réiltín A Bháinín! A Bháinín!

Sorcha Oiread potaí agat!
Réiltín A Bháinín!

Comhrá: An bhfuil áthas ar Shorca go bhfuil Darren ag réiteach béile di? Cad é an fhianaise go bhfuil/nach bhfuil sí?
Cad a cheapann Réiltín faoi phlean Dharren? – an fhianaise?
Cad a cheapann Máirtín faoi phlean Dharren? – an fhianaise?
Cad a cheapann Bríd Úna nuair a fheiceann sí Sorcha ag cuidiú le Réiltín? An fhianaise?
Cad chuige a chuir Bríd Úna an bréagán sa phota?

Programme 12 [An Teach agus Treoracha] *Mír a Dó Dhéag (vótáil)*

Darren, Máirtín, Bríd Úna, Sorcha, Réiltín, Rita

Faightear amach gurb í Bríd Úna a chuir Báinín sa phota agus cuirtear an ruaig uirthi sa vótáil. Tá Darren go deas le Réiltín agus is maith léi é sin. Tá sí ag éirí

ceanúil air. Tá trua ag Sorcha do Darren i ndiaidh dó iarracht chomh mór a dhéanamh dinnéar a ullmhú di. Mar chúiteamh, deir sí go réiteoidh sise dinnéar dó siúd. Socraíonn siad go ndéanfaidh siad le chéile é. Réitíonn siad go maith le chéile. Pógann Darren Sorcha faoi dheireadh! Tá sé fíorshásta.

Ar an dara lá déag tá sé socraithe ag muintir an tí go gcaithfeadh siad a vótaí an chéad rud ar maidin

Bríd Úna Réiltín
Réiltín Ní thugann sé aon phléisiúr dom é seo a dhéanamh, a Bhríd Úna, ach bhí an rud a rinne tú ormsa agus ar Shorca agus ar Darren gránna, gan trácht ar Bháinín bhocht.
Bríd Úna Ara bíodh ciall agat! Níl ann ach bréagán, in ainm Dé.
Réiltín Tá mise ag caitheamh mo vóta le Bríd Úna a dhíbirt as an teach.
Darren Mise freisin.
Sorcha Mise fosta.
Rita Agus mise.
Bríd Úna Ní raibh aon fháth a bheith chomh gránna.

Anois vóta Mháirtín. Ceard a dhéarfaidh seisean?

Bríd Úna A Mháirtín!

Rita An bhfuil tú ceart go leor, a Mháirtín?
Máirtín Tá mé togha.
Rita Tá uaigneas ort, an bhfuil?
Máirtín Tá mé togha, a dúirt mé.
Rita Ó muise, Máirtín bocht.
Máirtín Breathnaigh, éist liom.
Rita Ceart go leor!

Réiltín A Mháirtín, bhí sé sin go hiontach.
Máirtín Huh?
Réiltín Chuir tú an ruaig ar Rita.
Máirtín Ó, sea.
Réiltín Dhiúltaigh tú an drúis. Tá sé sin go hiontach.
Máirtín Tá.

[*Agallóir So, an bhfuil aon athrú ar do shaol ó d'imigh Bríd Úna?*
Máirtín Aon athrú, ab ea?
Agallóir Sea.
Máirtín Níl aon chailín agam níos mó.
Agallóir Cad a dhéanfas tú anois?
Máirtín Níl a fhios agam. Níl aon chaill ar an Réiltín sin.
Agallóir Réiltín?
Máirtín Tá sí go deas, nach bhfuil?]

Sorcha Darren?
Darren Ó, hi.
Sorcha Bhí mé ag smaointeach
Darren Sea.

Sorcha Is mór an trua é gur milleadh an dinnéar a rinne tú aréir.
Darren Is mór.
Sorcha Chuir tú cuid mhór oibre isteach ann.
Darren Is cuma.
Sorcha Ní chuma.
Darren Cén chaoi?
Sorcha Ar mhaith leat dá ndéanfainnse dinnéar duit anocht?
Darren Is féidir leis an bheirt againn á dhéanamh le chéile.
Sorcha Bheadh sé sin go deas.

[*Darren Bhí mé ag smaointeach (faoi dhó)*]

Darren Go hálainn.
Sorcha Fíon?
Darren Má's é sin do thoil é.
Sorcha An maith leat fíon na Spáinne?
Darren Is breá liom é.

Réiltín A Mháirtín, anseo atá tú.
Máirtín Sea.
Réiltín An airíonn tú uait í?
Máirtín Rita?
Réiltín Bríd Úna.
Máirtín Ó sea, Bríd Úna.
Réiltín Tá mé sásta go bhfuil sí imithe.
Máirtín An bhfuil?
Réiltín Tá.
Máirtín 'Tuige?

Sorcha Is maith liom Leitir Ceanainn ach ba mhaith liom cónaí amuigh faoin tuath. Cad é fá dtaobh duitse? Cén áit a ba mhaith leatsa cónaí?
[*Darren Ba mhaith liom cónaí leat, a Shorca.*]
Darren Ba mhaith liomsa cónaí amuigh faoin tuath chomh maith.

Máirtín Drúis?
Réiltín Ní raibh tada eile i gceist agat, a Mháirtín. Agus níl tusa mar sin.
Máirtín Níl.
Réiltín Tá mé cinnte nach bhfuil. Féach cad a tharla le Rita ar ball.
Máirtín Sea.
Réiltín Tá tusa i bhfad níos láidre ná sin.
Máirtín Tá. [*Déanann sé iarracht í a phógadh*]
Réiltín A Mháirtín! [*Tugann sí leiceadar dó*]

[*Darren Ba mhaith liom cónaí amuigh faoin tuath chomh maith.*
Sorcha Tá sé iontach deas, iontach deas.
Réiltín Tá Máirtín beagán lag ann féin. Ach creidim gur duine an-mhaith é go bunúsach agus creidim gur féidir leis athrú.
Máirtín Measaim nach bhfuil caill ar bith uirthi, an Réiltín sin. Níl caill ar bith uirthi.]

Programme 13 [Cúrsaí Siopadóireachta]

Darren, Mánas, máirtín, Sorcha, Réiltín, Rita

Mánas, who has just returned from Australia, joins the house. He is a former boyfriend of Sorcha's. She turns her back on Darren, and he is very upset. Máirtín starts to lose patience with Réiltín but Rita comes up with a plan to help him seduce her: she will pretend to be going out with Máirtín in order to make Réiltín jealous! Réiltín feels greatly disappointed with Máirtín's behaviour.

Tagann Mánas ar an bhfód. Tá sé tar éis filleadh ón Astráil. Iarleannán de chuid Shorcha atá ann. Tugann Sorcha droim láimhe do Darren, rud a ghoilleann go mór air. Tá ag teip ar fhoighid Mháirtín maidir le Réiltín ach smaoiníonn Rita ar phlean chun cabhrú leis í a mhealladh: cuirfidh sise i gcéill go bhfuil sí ag siúl amach leis chun éad a chur ar Réiltín! Tá Réiltín andíomúch le Máirtín.

An tríú lá déag. An mbeidh mí-ádh ag baint leis do dhuine éigin? Agus cén t-athrú a chuirfeadh an fear nua seo ar an gclár faoi ghlas?

Mánas Cad é mar atá tú?
[*Darren Cad é mar a thá tú?*]
Mánas Is mise Mánas.
Darren Cárbh as tú, a Mhánais?
Mánas As Gaoth Dobhair mé, i dTír Chonaill.
[*Darren Gaoth Dobhair, i dTír Chonaill*]
Mánas Sea, as Gaoth Dobhair mé.
[*Tagann Sorcha isteach*]
Sorcha Mánas!
[*Sorcha Mánas!*
Darren Is as Gaoth Dobhair dó.
Mánas Tá mé aon bhliain déag is fiche d'aois agus tháinig mé anseo le Sorcha a fháil ar ais.]

Darren Bhí tú geallta?
Sorcha Bhí, ar feadh bliana.
Darren Ar feadh bliana?
Sorcha Ar feadh bliana.
Darren Á, a Shorcha.
Sorcha Tá mé buartha, a Darren. Tá rud beag spáis de dhíth orm. Táim iontach trína chéile. Tá mé buartha.

[*Darren Tá mé buartha. Tá mé buartha. Bhuel tá mise buartha chomh maith, iontach buartha!*]

Rita Tá tú i ngrá léi?
Máirtín Tá, cineál.
Rita Tá, nó tá cineál?
Máirtín Tá.
Rita Ach níl sise i ngrá leatsa.

Máirtín Meas tú?
Rita An mbuailfeadh sí sa phus thú dá mbeadh sí i ngrá leat?
Máirtín Níl a fhios agam. B'fhéidir.
Rita Mm. An bhfuil a fhios agat cad ba chóir duit a dhéanamh léi siúd?
Máirtín Níl a fhios agam.
Rita Ba chóir duit éad a chur uirthi.
Máirtín Meas tú?
Rita Cinnte.
Máirtín Éad?

Sorcha San Astráil a bhí tú?
Mánas Ba ea. Ach nuair a dúirt Mamaí liom go raibh tusa ar an chlár seo ní thiocfadh liom fanacht amuigh ansin.
Sorcha Agus tháinig tú an bealach uilig abhaile ón Astráil domsa?
Mánas An bealach uilig go léir.

[*Feiceann Réiltín Rita agus Máirtín ag pógadh*]
Máirtín Meas tú an bhfuil éad uirthi, a Rita?
Rita Bí cinnte de.
Máirtín Is dóigh.

[*Rita Nílim ach ag iarraidh cabhrú leis.*]
[*Tógann Darren na bláthanna a thug sé do Shorcha agus cuireann sé sa bhosca bruscair iad.*]
[*Tagann Réiltín isteach sa seomra leapa, áit a bhfuil Rita agus Máirtín sa leaba*]
Réiltín Báinín?
Rita A Mháirtín! Ó! A Mháirtín!
[*Imíonn Réiltín*]
Máirtín Meas tú an bhfuil éad uirthi, a Rita?
Rita Cinnte tá, cinnte.

[*Réiltín Bhuel, b'fhéidir go bhfuil Máirtín beagáinín beag níos laige ná mar a cheap mé. Ach is féidir é a athrú – tá mé cinnte de sin. Nach bhfuil an ceart agam, a Bháinín?*]

Programme 14 [Na Meáin Chumarsáide] *Mír a Ceathair Déag*

Darren, Mánas, Bríd Úna, Sorcha, Réiltín, Rita

Darren sees that Mánas and Sorcha are getting on well together and loses all hope of winning Sorcha back. He begins to spend more time with Réiltín. Rita discovers she's pregnant!

Tá ag éirí go maith le Mánas agus é ag iarraidh Sorcha a mhealladh ar ais. Feiceann Darren é seo agus tosaíonn sé ag cailleadh dóchais maidir le Sorcha. Caitheann sé níos mó ama le Réiltín. Faigheann Rita amach go bhfuil sí ag iompar clainne!

[*Tosaíonn an clár le brionglóid Dharren: is sagart í Rita ag pósadh Shorcha agus Mhánais.*
Rita Má tá éinne anseo ar mhaith leis cur i gcoinne an phósta seo labhraídís anois nó fanaidís ina dtost. Bhuel Darren?

Gach éinne Bhuel Darren? (faoi thrí)]

Ar an gceathrú lá déag tá Sorcha agus Mánas ag caint ar na laethe a bhí.

Mánas Shíl mise go dtitfeása san fharraige.
Sorcha Ní raibh mise ábalta stad ag gáire.
Mánas Shíl lucht an bháid go raibh muid ar mire.
[*Tagann Darren go dtí an doras*]
Sorcha An raibh duine ar bith ag an doras?
Mánas Ní fhaca mise duine ar bith.

[*Darren ag cuimhneamh ar chomhrá le Sorcha in Aonad 8*]
Sorcha Anois a stócaigh.
Darren Níl trócaire ar bith agat.
Sorcha Níl ná trócaire.

Réiltín Darren! Cad atá ort, a stór?
Darren Tada.
Réiltín Ar mhaith leat cluiche?
Darren Níor mhaith!
Réiltín Céard faoi chluiche fichille?
Darren Ficheall?
Réiltín Sea, is breá liom ficheall.
Darren Ceart go leor mar sin.

Sorcha Bhí sé iontach tobann. Lá amháin bhí tú ann agus an lá dár gcionn bhí tú ar shiúl. Ní raibh a fhios ag do mhamaí fiú cá ndeachaigh tú.
Mánas Nach tusa a dúirt go ndéanfadh sé maith dúinn scaradh as a chéile ar feadh tamaill?
Sorcha Ní mar sin, a Mhánais. Bhí mé iontach fríd a chéile.
Mánas An raibh?
Sorcha Bhuel, bhí.

Darren Huh!
Réiltín Há!
Darren Ó tá tú glic.
Réiltín Dúirt mé leat gur bhreá liom ficheall.

Mánas Chuir mamaí téip de chlár seo dom. Bhí mé iontach suaitheadh i ndiaidh é a fheiceáil.
Sorcha Ó Mánas.

[*tagann Máirtín agus Rita isteach agus Darren agus Réiltín ag imirt fichille*]

Máirtín Dia daoibh.
Réiltín Dia ‘s Muire duit, a Mháirtín.
Máirtín Meas tú an bhfuil éad uirthi, a Rita?
Réiltín Sáinniú!
Darren Á ná habair.
Máirtín Tá sí go maith ag ligint uirthi, nach bhfuil?

Réiltín Anois, a mhaicín.

Rita A Mháirtín, tá mé ag iarraidh labhairt leat.
Máirtín Ag iarraidh labhairt liom, a ba ea?
Rita Sea. Tá mé beagán buartha.
Máirtín Tá sí ag teacht. Seo linn go tapaigh.
Rita A Mháirtín, stop! A Mháirtín!
Máirtín Tá sí ag teacht.
Réiltín Ó, mo leithscéal. Ní fhaca sibh Darren in áit ar bith, an bhfaca?
Máirtín Darren?

[*Máirtín Tá mise ag coimeád súil ghéar ar an Darren sin, tá mise ag rá leat.*
Darren Réiltín? Tá sí go deas ceart go leor.
Agallóir Go deas?
Darren Níl sí leath chomh deas le Sorcha.
Mánas Is í Sorcha an cailín domsa. Is í mo chéad ghrá.
Sorcha Darren nó Mánas. Níl a fhios agam (faoi dhó).]

Rita Ná habair é! Ó, ná habair é! Tá mé ag iompar clainne!

Programme 15 [An Teicneolaíocht] Mír a Cúig Déag

[*Ar an gcúigiú lá déag tá babhta eile vótála roimh na hiomaitheoirí. Tá trí cheathrú de thréimhse an chluiche caite anois. Tá an teach breá sásta sin a thógfar i gceantar éigin Gaeltachta fós ag fanacht ar na buaiteoirí. As seo amach, beidh patrún an chláir ag athrú. Anocht beidh duine amháin ag fágáil an tí, ach ní bheidh éinne eile ag tógáil a áite. Ach idir an dá linn, tá scéala mór ag Rita do Mháirtín.*]

Máirtín Tá tú ag iompar clainne?
Rita Sea, tá mé ag iompar clainne.
Máirtín Le fada?
Rita Le seachtain nó dó.
Máirtín Le seachtain nó dó?
Rita Sea, seachtain nó dó.
Máirtín Cé hé an t-athair?
Rita Tusa, sílim.
Máirtín Síleann tú?
Rita Cad atá i gceist agat leis sin?
Máirtín Níl tú cinnte?
Rita Tá mé beagnach cinnte.
Máirtín Cén chaoi a bheifeá cinnte agus an chaoi a bhíonn tú ag dul thart.
[*Buaileann sí é*]

[*Rita Múch an ceamara. Múch an ceamara a dúirt mé.*]

Máirtín Ní raibh ann ach cur i gcéill ort.
Réiltín Ab ea anois? Cur i gcéill a dúirt tú?
Máirtín Sea, cur i gcéill, ag iarraidh éad a chur ortsa a bhí mé.
Réiltín Cad atá tú ag rá, a Mháirtín?

Máirtín Tá mé i ngrá leat, a Réiltín. Sin atá mé ag rá.
Réiltín Máirtín!
Máirtín Níl sa gceann eile ansin ach…ach striapach. Níl tusa mar sin.
Réiltín Ach bhí tú sásta luí léi nach raibh?
Máirtín Bhí, le héad a chur ortsa. Ise a chuimhnigh air ar aon chaoi.
Réiltín An bhfuil a fhios agat rud éigin, a Mháirtín?
Máirtín Céard?
Réiltín Níl ionatsa ach amadán.
Máirtín Réiltín

[*Agallóir Níor mheall tú Réiltín ar ais mar sin?*
Máirtín Níor mheall fós.
Agallóir Fós?
Máirtín Tá neart ama fós agam.
Agallóir Meas tú?
Máirtín Cinnte, tá. Fan go bhfeicfidh tú.]

Sorcha So, tá Máirtín i ngrá leat. Ní thuigeann seisean an focal grá.
Réiltín Ní dóigh liom é. Céard faoi Mhánas?
Sorcha Tá Mánas athraithe go mór sílim.
Réiltín Bhuel, cén chaoi?
Sorcha Bhuel, sular imigh Mánas chun na hAstráile bhí sé gruama go minic. Deir sé go n-oireann an Astráil i bhfad níos mó dó.
Réiltín Mead tú?
Sorcha Sílim go bhfuil sé fíor. Tá sé ag iarraidh go n-imeoidh mé chun na hAstráile leis.
Réiltín Dáiríre?
Sorcha Deir sé go bhfuil sé iontach furasta teagmháil leis an bhaile anois, ó tháinig an ríomhphost ar an tsaol. Deir sé nach mbeadh cumha ar bith orm.
Réiltín Is fíor a rá – tá sé an-áisiúil go deo. Ach céard faoi Dharren?
Sorcha Darren! Níl a fhios agam.

Réiltín Cén chaoi a bhfuil tú?
Darren Maith go leor.
Réiltín So, vótáil anocht.
Darren Sea.
Réiltín Tá Sorcha go mór trína chéile.
Darren Tá beirt againn ann.
Réiltín Gan trácht ar Rita.
Darren Rita!
Réiltín Ceapann sí go bhfuil sí ag iompar clainne.
Darren Máirtín?
Réiltín Ní dóigh leis siúd gurb é.
Darren Agus céard fútsa?
Réiltín Ó, ag gabháil timpeall ag éisteacht le faoistin chuile dhuine.
Darren Ó a Réiltín, cén chuma a bheadh ann gan thú?
[*Tagann Máirtín isteach agus feiceann sé Darren ag tabhairt barróige do Réiltín*]
Máirtín Bhí a fhios agam é.
Darren Gabh mo leithscéal?
Máirtín Gabh mo leithscéal! Is scabhaitéir agus bradach thú. Agus sciob tú

mo bhean uaim.
Réiltín A Mháirtín, tóg go réidh é, maith an fear.
[*Buaileann Máirtín Darren*]

[*Anocht tá duine amháin le himeacht agus ní bheidh aon duine ag tógáil a áite. Tá ceathrar de mhuintir an tí ann ón gcéad lá. Tá beirt eile a tháinig isteach ó shin. Ach cén duine a bheas ag pacáil a chuid málaí anocht?*]

Vótáil
Darren Máirtín.
Máirtín Darren.
Mánas Darren.
Sorcha Máirtín.
Rita Máirtín.
Réiltín Máirtín.
Máirtín Ára bíodh an diabhal agaibh, chuile dhuine beo agaibh.

Programme 16 [Garanna agus Orduithe] Mír a Sé Déag

Darren, Mánas, Sorcha, Réiltín, Rita

Ar an séú lá déag tá Rita bhocht leagtha amach.

Réiltín An bhfuil tú cinnte nach n-íosfá píosa tósta? Níl tada ite agat ó lár an lae inné.
Rita Tósta!

Mánas Maidin mhaith.
Darren Tá mé fós anseo ar aon nós.
Mánas Ar mhaithe leat féin a vótáil mé i do choinne aréir, a Darren.
Darren Cén chaoi ar mhaithe liom féin?
Mánas Bheadh sé ní b'fhearr duit imeacht aréir. Níl seans agat le Sorcha.
Darren Nach bhfuil anois?
Mánas Níl agus tá an t-am agat glacadh leis sin.
Darren Cífimid a Mhánas, cífimid.

Darren A shorcha.
Sorcha Shush.
Darren Cogar, ar mhaith leat cluiche táiplise ar ball?
Sorcha Cinnte ba mhaith. Cífidh mé thú sa Seomra Mór i gceann leathuair an chloig b'fhéidir.
Darren Go breá mar sin.

[*Agallóir An gceapann tú go bhfuil seans agat?*
Darren Tá, má choinním orm.
Agallóir Beidh Mánas ag coinneáil air chomh maith.
Darren Beidh, ach cífimid.]

Mánas A Shorcha, ar mhaith leat cluiche leadóg bhoird a imirt?
Sorcha An bhfuil a fhios agat seo, tá mé díreach i ndiaidh a rá le Darren go n-imreoidh mé táiplis leisean.
Mánas Le Darren?

Sorcha Sea, is breá leis táiplis.
Mánas Ach cad é faoin bheirt againne?
Sorcha Níl ann ach cluiche táiplise.
Mánas Níl ann ach an tús.
Sorcha Cad é atá i gceist agat?
Mánas Caithfidh tú Darren a chur amach as do chloigeann, a Shorcha.
Sorcha Ach níl ann ach cluiche.
Mánas Tá sé ag iarraidh teacht idir an bheirt againne. Tá a fhios aige go bhfuil tusa caillte aige. Níl sé ag iarraidh go bhfaighimse thú ach an oiread.
Sorcha Cén cineál amaidí é sin, a Mhánais?
Mánas Ná gabh amach ansin, a Shorcha.
Sorcha Shush.
Mánas Ná gabh amach ansin le do thoil.
Sorcha An bhfuil tusa ag tabhairt ordaithe domsa? Rachaidh mise áit ar bith is mian liom, a Mhánais, agus ní stopfaidh tusa mé!
Rita Cad atá ag dul ar aghaidh?

Réiltín Thug sé ordú duit?
Sorcha Thug.
Réiltín Agus an ndéanann sé sin go minic?
Sorcha Déanann nuair a bhíonn olc air. Sin a fáth a scar muid cheana féin.
Réiltín Ach shíl tú go raibh sé thar éis athrú.
Sorcha Shíl, go dtí anois.
[*Tagann Darren isteach*]
Darren Bhuel, a chailíní.
Réiltín Háigh a Darren.
Darren So a Shorcha, an bhfuil tú réidh don chluiche mór táiplise seo?
Sorcha Leis an fhírinne a rá, tá mo chloigeann scoilte. Ar mhiste leat dá bhfágfaimis é?
Darren Ar ball b'fhéidir?
Sorcha B'fhéidir. Cífimid.
[*Imíonn sí*]
Réiltín Ní ortsa atá an locht.
Darren Nach ea?
Réiltín Ní hea. Tá sé thar éis troid mór a bheith aici le Mánas.
Darren Ó, an créatúr. Ar mhaith leatsa cluiche?

[*Déanann Darren bláthanna as páipéar*]
Darren Cífimid a Mhánais. Cífimid.
[*Feiceann sé an bheirt acu ag pógadh ar an leaba.*]

Programme 17 [Teangacha] Mír a Seacht Déag

Darren, Mánas, Sorcha, Réiltín, Rita

Ar an seachtú lá déag tá Rita ag teacht chuici féin, tá Réiltín ag cur síos ar an taisteal atá déanta aici agus ar na teangacha atá foghlamtha aici ar an mbealach.

Réiltín *Je t'aime* a deirtear sa Fhraincis.

Rita Bhí a fhios agam féin an ceann sin. Cén chaoi a dheirtear sa Ghearmáinis é?
Réiltín *Ich leibe dich.*
Rita *Ich leibe dich*? Níl sé chomh rómánsúil leis an bhFraincis, an bhfuil?
Réiltín Braitheann sé, is dóigh.
Rita Agus conas a deireann na Spáinnigh é?
Réiltín *Te amo.*
Rita Tá an Ghaeilge chomh deas le ceann ar bith acu, nach bhfuil? Tá mé i ngrá leat.
Réiltín Nó, tá mé an-mhór leat.
Rita Á, ní maith liom an ceann sin. Cuimhním i gcónaí ar dhaoine ar chóir dóibh meáchan a chailliúint. So, ní dúirt tú leis fós é?
Réiltín Cé?
Rita Ara, le Darren. Tá seisean an-cheanúil ortsa.
Réiltín Ach céard faoi Shorcha?
Rita Agus céard faoi Mhánas?
Réiltín Níl a fhios agam.

Sorcha Anois, a stócaigh.
Mánas Níl trócaire ar bith agat.
Sorcha Níl ná trócaire.
Mánas Caithfear deis a thabhairt domsa. Caide fá chluiche táiplise?
Sorcha Cluiche Táiplise?
Mánas Sea.
Sorcha B'fhearr liom gan, a Mhánais.
Mánas Ach is breá leatsa táiplis, nach ea?
Sorcha Fágfaimid é, maith go leor?
Mánas Maith go leor.

Rita A Darren, teannaim ort. Tá mé ag iarraidh labhairt leat.
Darren Réiltín!
Rita Sea, Réiltín. Is álainn an cailín í.
Darren Tá sí go deas cinnte.
Rita Breatnaigh. Tá tú féin agus Sorcha anseo ón gcéad lá, nach bhfuil?
Darren Tá.
Rita Bhuel, muna bhfuil sí meallta faoin tráth seo agat…
Darren Ach bhí sí an-mhór liom sular tháinig Mánas.
Rita Ach tá sé ann anois. Éist a Darren, tá Réiltín go hálainn dathúil, nach bhfuil?
Darren Tá sí dathúil cinnte.
Rita Agus fíor-chliste. Tá seacht nó ocht gcinn de theangacha aici.
Darren Dáiríre?
Rita Agus sílim go bhfuil sí ceanúil ortsa. Más grá faoi ghlas uait, a Darren, is í Réiltín an seans is fearr atá agat.

[*Darren* *B'fhéidir go bhfuil an ceart aici. B'fhéidir gur ceart dom dearmad a dhéanamh ar Shorcha.*
Agallóir *An mbeidh tú in ann é sin a dhéanamh?*
Darren *Níl a fhios agam.*]
[Agallóir So, cad a cheapann tú faoi Darren?

Réiltín Bhuel, níl sé drúisiúil agus is fear dílis é. Is maith liom é sin.
Agallóir Ach má fhanann sé dílis do Shorcha, níl seans agatsa leisean, nach bhfuil?
Réiltín Ach níor fhan Sorcha dílis dó siúd.
Agallóir Tá seans agat mar sin?
Réiltín Ag Dia amháin atá a fhios cad atá le tarlú.
Agallóir Fágfaidh tú faoi Dhia mar sin é?
Réiltín Fágfaidh.

Réiltín Níor éirigh liom an Pholainnis a fhoghlaim go paiteanta. Tá an gramadach sách crua.
Darren Tá go leor taistil déanta agat?
Réiltín Tá.
Darren An gceapann tú go bhfanfaidh tú in Éirinn anois?
Réiltín Fanfaidh le cúnamh Dé, ach braitheann sé ar go leor rudaí.
Darren Cén sórt rudaí?
Réiltín Sáinniú.
Darren Á, ná habair.
Réiltín Dá mbeadh níos mó airde ar an gcluiche agat bheadh sé leat.
Darren Tá go maith. Beidh cluiche eile againn agus an uair seo beidh an bua agamsa.
[Rita Ó, tá mise tar éis praiseach a dhéanamh den rud seo agam féin.
Agallóir An bhfuil fonn ort imeacht?
Rita Bhuel, ní móide go dtitfidh Darren ná Mánas i ngrá liom ag an bpointe seo.
Agallóir Céard is fiú fanacht mar sin?
Rita Le Réiltín agus Darren a thabhairt le chéile.
Agallóir Agus an éireoidh leat é sin a dhéanamh?
Rita Níl a fhios agam. Ag Dia amháin atá a fhios.

Programme 18 [An Ghaeilge agus an Ghaeltacht] *Mír a hOcht Déag (vótáil)*

Darren, Mánas, Sorcha, Réiltín, Rita

[*Brionglóid Shorcha, tá gunna ag Darren*]
Darren Coinnigh siar! Coinnigh siar a deirim!
Mánas Lig díot í, a Darren, is liomsa an girseach sin. Lig díot í!
Darren Is liomsa í! Coinnigh siar a deirim!
Sorcha Lig dom! Lig dom! [*Músclaíonn sí sa leaba le Mánas*]

Ar an ochtú lá déag tá an comórtas ag druidim chun deiridh. Ach má tá fhéin nílimid mórán níos gaire fós do fhreagra na ceiste. Cé a bhainfeas an duais mhór? Cé dóibh a thógfar an teach? Cén cheantar Gaeltachta ina dtógfar é? Agus babhta vótála rompu anocht d'fhéadfá rud ar bith a tharlú.

Rita Bhuel?
Réiltín Bhuel thú féin.
Rita Cad fút féin agus Darren? Níl mórán ama fágtha.
Réiltín Tá daoine ann nach féidir an iomarca deifre a chur orthu.
Rita Lean ar aghaidh mar sin agus beidh an bua ag muintir Dhún na nGall.

Réiltín Tá Dia láidir.
Rita Agus tá Darren ag fanacht.
Réiltín So, do bhricfeasta ag fanacht. Bí ag ithe sula mbeidh sé fuar.

[*Darren Níl tada le caill anois agam. Tá dearmad déanta ag Sorcha orm.*
Agallóir Meas tú?
Darren Ceapaim é.
Agallóir Agus an bhfuil dearmad déanta agatsa ar Shorcha?
Darren Ní cheapaim go ndéanfaidh mé dearmad go deo uirthi. Ach caithfidh an saol bogadh ar aghaidh.]

Darren Ó, tá mé traochta.
Réiltín Ó tá, is mise. Ach nach cuma nuair a bhuaigh mise an rás?
Darren Bhuaigh tusa an rás, há?
Réiltín Stop, Darren.
Darren Ar bhuaigh?
Réiltín Stop.
Darren Ar bhuaigh anois?
Réiltín Stop Darren
[*Déanann sé iarracht í a phógadh*]
Réiltín Darren. Tá brón orm.
Darren Céard?
Réiltín Ní féidir liom. Níl cead agam.
Darren Cén chaoi nach bhfuil cead agat?
Réiltín Níl cead agam mar … mar is bean rialta mé.
Darren Bean rialta?

[*Darren Bean rialta?*
Sorcha Bean rialta?
Mánas Bean rialta?
Rita Bean rialta?]

Darren Bean rialta?
Réiltín Bean rialta.
[*Darren Óóóó.*]

Réiltín Tá mé ag taisteal timpeall na cruinne anois le cúpla bliain ag glacadh páirte i gcláracha mar seo.
Darren Agus cheap mise go mbeadh mná rialta ag obair i scoileanna agus in ospidéil.
Réiltín Tá an domhan athraithe go mór, Darren, agus is ea an misean atá agam ná an dea-scéal a scaipeadh ar chláracha mar seo ar fud na cruinne.
Darren An dea-scéal é?
Réiltín ‘Sea. Ní grá é seo, Darren. Níl ann ach drúis. Agus tuigeann tú é sin mar ní fear drúise thú.
Darren Ní bean rialta mé ach an oiread.
Réiltín Ó Darren, tuigim go bhfuil tú crosta liom, ach ní raibh sé i gceist agam riamh dallamullóg a chur ort.
Darren Ó cinnte, ní raibh. Sin an fáth gur chaith tú uait do chuid éadaí mhná rialta agus gur tháinig tú isteach sa teach seo. Cén chaoi go

gcuirfeadh sé sin dallamullóg ar dhuine ar bith?
Réiltín Ar mhaithe leat féin atá mé Darren. B'fhéidir nach dtuigeann tú é sin anois, ach tuigfidh tú lá éigin.
Darren Go raibh maith agat as mo shábháil!

I gceann dhá lá eile beidh an comórtas seo Grá Faoi Ghlas thart. Tá duine amháin le díbirt anocht agus duine eile amárach. Ach cé a bheas ag imeacht anocht ar an ochtú oíche déag den chomórtas?

[*An Vóta*]
Darren Réiltín.
Mánas Darren.
Sorcha Réiltín.
Réiltín Darren. Tá tú i bhfad ró-mhaith don tseafóid seo Darren.
[*Agallóir Agus dhá vóta ag Réiltín agus ag Darren, tá teannas mór sa teach.*]
Rita [*le pictiúr Réiltín*] Í sin.
[*Agallóir Réiltín?*]
Rita An tSiúr Réiltín.
Réiltín Bhuel, go dtuga Dia sláinte agaibh ar fad as an teach drúise seo. Beidh mé ag guí ar bhur son.

Programme 19 [Cairdeas agus Grá] *Mír a Naoi Déag (vótáil)*

Darren, Mánas, Sorcha, Rita

Ar an naoú lá dhéag tá Darren bhrón. Agus Réiltín imithe tá an cluiche caillte aige, nó an bhfuil?

[*Darren Chuir Réiltín ó mo chinnteacht…*
Agallóir Ach?
Darren Níl a fhios agam an raibh mé i ngrá léi i ndáiríre.
Agallóir Tá tú ag cuimhneamh ar Shorcha arís mar sin?
Darren Tá.
Agallóir An mbeidh tú in ann í a mhealladh?
Darren B'fhéidir go raibh mé ró-dheireanach, ach
Agallóir Cífimid?
Darren Sin é]

Sorcha Ní raibh Darren i ngrá le Réiltín?
Rita Is leatsa atá sé i ngrá. Mise a dúirt leis díriú ar Réiltín.
Sorcha Tusa?
Rita Bhuel ní raibh a fhios agam gur Máthair Teresa na gcláracha teilifíse í, agus bhí trua agam do Dharren. Bhí a chroí briste de dhíth ortsa.
Sorcha Do bharúil?
Rita Tá mé cinnte de.

Mánas Tá mo chroí istigh inti, a Dharren.
Darren An bhfuil sise i ngrá leatsa?
Mánas Tá cinnte. Éist liom, déanfaidh mé socrú leat. Má vótálann tusa tú féin amach anocht, is tú a sheasfaidh liom nuair a phósfaidh mé le Sorcha, agus beidh tú mar athair baiste ag an chéad pháiste

s'againne. Cad é do bharúil?

Darren Tá brón orm, a Mhánais, ach tá mé anseo ón gcéad lá. Ní féidir liom géilleadh ag an bpointe seo.

Mánas Tá mo chroí istigh inti! Le do thoil, a Dharren, ná seas idir fear agus a chéadsearc.

[*Darren Dá gceapfainn go mbeadh Mánas mar an fear is fearr di b'fhéidir go seasfainn siar. Ach ní maith liom é.*]

Sorcha Tá sé ag brath ar é féin a vótáil amach?

Mánas Tá. Tá a chroí briste i ndiaidh Réiltín.

Sorcha An bhfuil tú cinnte?

Mánas Nár dhúirt sé féin liom é?

Sorcha So, tá Darren ag iarraidh imeacht?

Mánas Tá, agus d'iarr sé ormsa agus ortsa é a vótáil amach. Beidh sé ag vótáil dó féin fosta.

[*Agallóir So, vótálfadh tú Darren amach?*

Sorcha Bhuel, sin a bhfuil atá sé féin ag iarraidh. Más é sin a ba mhaith leis, sin a dhéanfas mé.]

Darren Cad é mar a tá tú?

Sorcha Ó, Darren.

Darren So, vótáil anocht.

Sorcha Sea. Tá é buartha faoin rud a tharla le Réiltín.

Darren Sin é an grá agat.

Sorcha Éist. Thigh leat brath ormsa anocht.

Darren Thig liom brath ort?

Sorcha Thig, cinnte.

Darren Ó. Go raibh maith agat.

Darren Rita, cogar. Ar dhúirt Sorcha tada leatsa faoin vótáil anocht?

Rita Níor dhúirt. Cén fáth?

Darren Bhí mé ag caint léi ar ball beag agus dúirt sí rud éiginnte nár thuig mé.

Rita Cén sórt rud éiginnte?

Darren Dúirt sí go bhféadfainn brath uirthi anocht.

Rita Ar dhúirt?

Darren Dúirt. Meas tú cad a bheidh i gceist aici?

Rita Sílim go bhfuil a rogha déanta, Darren.

Darren Cén chaoi?

Rita Tá rogha déanta idir tusa agus Mánas, agus is tusa a rogha.

Darren Cé in aghaidh a chaithfidh mé mo vóta anocht?

Rita Mánas.

Darren Níl mé ag iarraidh.

Rita Há! Vótáil seisean i do choinne faoi dhó cheana.

Darren Sin go díreach an fáth nár mhaith liom vótáil i gcoinne siúd.

Rita Ceart go leor. Tá plean agamsa.

Tá uair na cinniúna buaite linn sa Teach Faoi Ghlas. Seo an vóta leath dheireanach. Cé a bheas ag fágáil anocht?

Mánas Darren.
Rita Mo fhéin í féin.
Darren Rita.
Sorcha Á, a Dharren?
Agallóir Taispeáin dúinn do chárta, A Shorcha.
Sorcha Ach ní thuigim cad é atá ag dul ar aghaidh.
Agallóir Taispeáin dúinn do chárta!

Ciallaíonn sé seo go bhfuil chomhscór ann. Caithfear an vótáil a dhéanamh arís.

Programme 20 [Cúrsaí Polaitíochta agus Sóisialta] *Mír a Fiche (vótáil)*

[*Tosaíonn an clár le píosaí as an gcéad chlár roimhe*]

[Agallóir Tá tú ag cuimhneamh ar Shorcha arís mar sin?
Darren Tá.]

Rita Is leatsa atá sé i ngrá.
Sorcha Do bharúil?
Rita Tá mé cinnte de.

Mánas Má vótálann tusa tú féin amach anocht, is tú a sheasfaidh liom nuair a phósfaidh mé le Sorcha
Darren Tá brón orm, a Mhánais, ach tá mé anseo ón gcéad lá. Ní féidir liom géilleadh ag an bpointe seo.

Sorcha So, tá Darren ag iarraidh imeacht?
Mánas Tá, agus d'iarr sé ormsa agus ortsa é a vótáil amach. Beidh sé ag vótáil dó féin fosta.
[*Vótáil*]
Mánas Darren.
Rita Mo fhéin í féin.
Darren Rita.
Sorcha Á, a Dharren.
[*Anois*]
Darren Níl mise ag iarraidh an áit seo a fhágáil, a Shorcha.
Sorcha So, ní dhearna tú socrú le Mánas?
Darren An t-aon socrú a rinne mé ná thusa a mhealladh ar ais. Tá mé i ngrá leat, a Shorcha.
Mánas A Shorcha, fán bomaite. Cibé rud a dúirt mé inniu dúirt mé go bhfuil mo chroí istigh ionat. A Shorcha, os comhair na ndaoine uilig go léir, tá ceist agam ort. An bpósfaidh tú mé?
Sorcha Dúirt tú bréag, a Mhánais, nár inis?
Mánas Ach dhéanfas rud ar bith do shásamh.
Sorcha Níl tú ag iarraidh ach bob a bhualadh ormsa, agus ar Dharren. Tá buartha orm, a Mhánais, ní thig liom tú a phósadh.
Mánas Ach, a Shorcha.
Sorcha Tá mo rogha déanta agus is é Darren mo rogha.

[*Cá bhfuil said anois?*]

An cuimhin libh Stiofán? I ndiaidh dó an Teach Faoi ghlas a fhágáil d'imigh Stiofán ar saoire go Conamara. Is ann a chas sé arís le Máirtín. Tá siad ag rámhaíocht dóibh sa churach ó shin.
I ndiaidh di an Teach a fhágáil chas Rita ar Réiltín arís. Chuaigh smaointe an tSiúir Réiltín i bhfeidhm go mór ar Rita. Is duine i bhfad níos sona anois í.
Chinn Aingeal a post múinteoireachta a fhágáil le himeacht ar an mbóthar agus aithne níos fearr a chur uirthi féin. Ach is deacair éalú ón gcinniúint.
Chuaigh Bríd Úna leis an leadóg bhoird agus bhain sí Corn an Domhain sa chluiche an bhliain dár gcionn. Níor éirigh chomh maith céanna léi le cluiche an ghrá.
D'fhill Mánas ar an Astráil ach thit an t-eitleán i bhfarraige áit éigin i lár Mhuir na hIndia. Tháinig Mánas slán as.
Agus na buaiteoirí. Bhuel, phós Darren agus Sorcha cúpla mí i ndiaidh dóibh an Teach a fhágáil, ach an mairfidh siad go sona sásta as seo amach?

Darren & Sorcha Cífimid!